

Guthanna Áitiúla dlr: Comórtas scríbhneoireachta Tionscnamh de chuid Éire Ildánach

Ba mhaith le Leabharlanna dlr iarraidh ort gearrscéal a scríobh faoin aimsir seo i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. I bhfianaise na caoi a bhfuil rudaí faoi láthair, ba bhreá linn do scéalta, cuimhní cinn nó píosaí iriseoireachta a léamh - glacfar le seánra ar bith, fíric nó ficsean, ach ba mhaith linn go ndéanfá tagairt i do scéal d'áit éigin nó do dhuine éigin i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin, más féidir ar chor ar bith é. Agus é seo á scríobh againn, táthar ag iarraidh orainn go léir gan dul níos faide ná 5 chiliméadar de shiúl na gcos ón teach. Mar sin, d'fhéadfá sainchomhartha áitiúil nó gné stairiúil a lua i do scéal.

Is iad Leo Cullen, Sadhbh Devlin agus Sara Keating ár moltóirí. Iarrtar ort gan dul thar na huaslíonta focal atá leagtha amach thíos, ach cuirfear fáilte roimh aon scéal atá faoi bhun na dteorainneacha – cibé acu an bhfuil splanfhicsean ar intinn agat, nó cuimhne chinn 6 fhocal fiú amháin, lig scód le do chuid cruthaitheachta.

Nuair a osclaíodh dlr LexIcon don phobal ag deireadh 2014, rinneamar an ócáid a cheiliúradh ach díolaim dar teideal ***Taking the Plunge*** a fhoilsiú, áit ar bailíodh le chéile saothar scríbhneoirí áitiúla a bhí lonnaithe sa Chontae. Tá an tionscadal seo cosúil leis sin. Foilseoimid rogha scéalta i mór bhileog nó paimfléad dlr agus ar líne ar ár láithreán gréasáin.

Táimid ag tnúth go mór le d'iontrálacha a fháil!

Nótaí:

Seo a leanas na 3 chatagóir agus na duaiseanna sa dá chatagóir teanga (Gaeilge nó Béarla):

Leanaí faoi bhun 12 bhliain d'aois (500 focal ar a mhéad)

1ú duais €100, 2ú duais €50 agus 3ú duais €30

Aosach Óg 12-17 mbliana d'aois (1,000 focal ar a mhéad)

1ú duais €150, 2ú duais €100 agus 3ú duais €75

Aosach 18 mbliana d'aois agus os a chionn (2,000 focal ar a mhéad)

1ú duais €500, 2ú duais €300 agus 3ú duais €200

- Ní glacfar le níos mó ná dhá iontráil in aghaidh an duine.
- Caithfidh iontrálacha a bheith faoi bhun na huasteorann focal nó cuirfear as an áireamh iad.
- Caithfear ainm agus catagóir a lua le gach iontráil. Sna catagóirí do Leanaí agus d'Aosaigh Óga, caithfear aois a lua freisin. Luaigh líon na bhfocal le gach iontráil chomh maith.
- Ba chóir d'iontrálacha a bheith clóscríofa. Ní bheidh cóipeanna scanta

- d'iontrálacha lámhscríofa incháilithe.
- Tá sé saor in aisce cur isteach ar an gcomórtas agus glacfar le hiontrálacha ó gach duine a théann ar scoil, a dhéanann staidéar, a oibríonn nó a chónaíonn i gContae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
 - Seol d'iontráil isteach tríd an ríomhphost chuig localvoices@dlrcoco.ie. Ní ghlacfar le cóipeanna crua d'iontrálacha; is tríd an ríomhphost amháin a ghlacfar le hiontrálacha. Má bhíonn 2 iontráil á seoladh isteach agat, bíodh an dá iontráil sin ceangailte le haon ríomhphost amháin.
 - Ní mór nár foilsíodh na scéalta in aon áit eile roimh ré agus caithfidh sé gur píosa nua oibre agus saothar bunaidh de chuid an údair iad. Ar iontráil a chur isteach don údar, tá sé nó sí ag admháil, má mheastar gur iontráil bhuaiteach é, go bhféadfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an iontráil sin a fhoilsiú i mór bhileog nó paimfléad nó ar na meáin shóisialta. Is é an t-údar a choinneoidh cóipcheart an tsaothair agus féadfaidh sé nó sí é a fhoilsiú tar éis a chéadfhoilsithe ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, ach a chinntiú go dtabharfar aitheantas don Chomhairle gach uair a fhoilseofar é.
 - Ní mór iontrálacha a bheith istigh faoi **Dé hAoine, an 29 Bealtaine 2020, ag 5.00i.n.**
 - Is é cinneadh na moltóirí an cinneadh deiridh. Ní dhéanfaidh an Chomhairle comhfhreagras maidir le haon iontráil ná ní bheidh in ann admháil a thabhairt go bhfuarthas iontráil áirithe.
 - Fógrófar na torthaí **faoin 30 Meitheamh 2020** agus foilseofar liosta na mbuaiteoirí ar líne ar láithreán gréasáin na Comhairle.

libraries.dlrcoco.ie